# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007**

# STAIDÉAR GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH 2007 – MAIDIN, 9.30 a.m. – 12.00 p.m.

## ROINN B

**(300 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CÚIG** cheist ar bith le freagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Is ceist faoi Bhuiséad Teaghlaigh í seo.**
*(Le comhlánú ar leathanach 7 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Seo thíos buiséad do theaghlach Uí Fhaoláin le haghaidh na gceithre mhí thosaigh de 2008:

Is é an tAirgead Tosaigh ar Láimh ná €955.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Annraoi Ó Faoláin €3,800 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aige le haisíocaíocht cánach de €800 glan a fháil i mí Feabhra.
- Tuilleann Aingeal Uí Fhaoláin €3,200 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aici le cead scoir gan phá ar feadh mhí an Mhárta ar fad.
- Ceaptar go mbeidh sochar leanaí €400 in aghaidh na míosa acu.

**Caiteachas Pleanáilte**

- Tá morgáiste tí €1,250 in aghaidh na míosa acu ach rachaidh **ardú** €150 in aghaidh na míosa air ó 1 Márta 2008.
- Tá préimh árachais an tí, €1,200 **in aghaidh na bliana,** iníoctha go **míosúil** ó 1 Eanáir 2008.
- Is iad na haisíocaíochtaí ar an iasacht ar ghluaisteán Aingil ná €850 in aghaidh na míosa go dtí go mbíonn siad íoctha ar fad faoi dheireadh mhí an Mhárta.
- Bíonn speansais teaghlaigh €1,600 orthu in aghaidh na míosa, ach amháin i mí an Mhárta, nuair a bheidh siad €500 **níos lú**.
- Ceaptar gur €250 in aghaidh na míosa na costais reatha a bheidh le híoc ar ghluaisteán Annraoi agus €100 in aghaidh na míosa ar ghluaisteán Aingil.
- Ceaptar go mbeidh €300 ar an mbille BSL i mí Eanáir agus €275 i mí an Mhárta le haghaidh solais agus teasa, agus cosnóidh ola téimh €1,200 i mí Feabhra.
- Bíonn táille mhíosúil €50 le híoc ag an teaghlach ar cheangal Leathanbhanda le haghaidh an idirlín. Beidh sé sin iníoctha gach **dara mí**, i mí Feabhra agus i mí Aibreáin.
- Cosnóidh breis creidmheasa le haghaidh fón póca €120 in aghaidh na míosa ar an teaghlach.
- Cosnóidh bronntanais le haghaidh cóisirí lá breithe €900 i mí Feabhra.
- Cosnóidh siamsaíocht €850 in aghaidh na míosa, ach amháin i mí Feabhra, nuair a chosnóidh sí a **dhá oiread** sin.
- Tá saoire curtha in áirithe ag na Faolánaigh a chosnóidh €4,000. Caithfidh siad éarlais €700 a íoc leis an ngníomhaire taistil i mí Eanáir, gála eile €1,000 a íoc i mí an Mhárta agus an fuílleach i mí Aibreáin.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do Bhuiséad Teaghlaigh (*ar lch 7 de Roinn A)* agus tú ag baint úsáide as na figiúirí go léir thuas. (50)

**(B)** Mínigh cén bhrí atá le 'Caiteachas Roghnach'. *(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar lch 7 de Roinn A.)* (5)

**(C)** Gan trácht ar airgead ar láimh, ainmnigh **dhá** mhodh eile arbh fhéidir leis na Faolánaigh íoc as breis creidmheasa le haghaidh fón póca. *(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar lch 7 de Roinn A.)* (5)

**(60 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**
*(Le comhlánú i do Fhreagarleabhar)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Jackson Tta ar an 31 Nollaig 2006, deireadh na bliana airgeadais. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 500,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| **Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2006** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar Airgead Tirim | | 750,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Tirim | 542,300 | |
| Carraeireacht Isteach | 5,700 | |
| Stoc Tosaigh ar 1 Eanáir 2006 | 96,550 | |
| Pá | 47,900 | |
| Teileafón | 3,260 | |
| Teas agus Solas | 15,590 | |
| Ús ar Rótharraingt | 7,400 | |
| Árachas | 37,650 | |
| Díbhinn Íoctha | 35,400 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 92,750 |
| Airgead Tirim ar Láimh | 13,500 | |
| Scairchaipiteal Eisithe ina Scaireanna €1 | | 300,000 |
| Áitreabh agus Trealamh | 245,000 | |
| Veaineanna Seachadta | 92,500 | |
| | 1,142,750 | 1,142,750 |

Ba é an Stoc Deiridh ar 31 Nollaig 2006 ná €119,550.

**(A)** Ó na figiúirí thuas, ullmhaigh **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006 agus **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an dáta sin. (45)

**(B)** Mínigh cad is brí le 'Stoc Tosaigh' sa Chomhardú Trialach thuas. (5)

**(C)** Ríomh cén céatadán de na Díolacháin ar Airgead Tirim é an Brabús Comhlán.
Taispeáin do chuid oibre. (10)

**(60 marc)**

**3.** **Baineann an cheist seo le hÁrachas agus le Litir a Scríobh.**
*(Le comhlánú i do Fhreagarleabhar)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Is mian le Deirdre Bhreatnach, a chónaíonn in 22 Bóthar an Chláirín, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, árachas a chur ar a teach agus ar inneachar an tí. Cuireadh luach €300,000 ar a teach agus €100,000 ar an inneachar. Tá aláram buirgléara suiteáilte aici.

Ar an 5 Meitheamh 2007, fuair sí an luachan árachais seo a leanas ó Sheán Mac Fhloinn, Bainisteoir, Comhlacht Árachais na Réalta Tta, 44 an tSráid Mhór, Gaillimh:

| **Luachan Árachais** | |
|---|---|
| Foirgnimh | **€25** an €10,000 |
| Inneachar | **€7.50** an €1,000 |
| Aláram Suiteáilte | Lascaine **10%** |

**(A)** Agus tú ag baint úsáide as an eolas atá ar fáil sa luachan árachais thuas, ríomh an costas iomlán glan ar an árachas ar theach Dheirdre agus ar an inneachar leis. (12)

**(B)** Ainmnigh **dhá** riosca a bheadh clúdaithe faoi árachas Foirgnimh. (8)

**(C)** Ar an 8 Meitheamh 2007, scríobh Deirdre litir chuig Seán Mac Fhloinn i gComhlacht Árachais na Réalta Tta. Sa litir, ghabh sí buíochas leis as an luachan árachais. Dúirt sí go raibh sí sásta glacadh go hiomlán leis an luachan toisc go bhfuil aláram suiteáilte aici. Dúirt sí freisin go raibh seic istigh lena litir ar an gcostas iomlán glan. Chríochnaigh sí an litir ag fiafraí de cathain a thosódh cumhdach an árachais.

Scríobh an litir a sheol Deirdre Bhreatnach chuig Seán Mac Fhloinn i gComhlacht Árachais na Réalta Tta ar an 8 Meitheamh 2007.

(40)

**(60 marc)**

**4.** **Baineann an cheist seo le Baincéireacht agus le Doiciméid Bhainc.**
*(Le comhlánú ar na leathanaigh 8 agus 9 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Fuair Emily Ní Dhufaigh an Ráiteas Bainc seo a leanas tríd an bpost:

| **AIB**<br>**Sráid na Siopaí,**<br>**An Muileann gCearr** | **Ráiteas Cuntas Reatha Uimh. 3226** | | | |
|---|---|---|---|---|
| Emily Ní Dhufaigh<br>Na Dúnta<br>Co. na hIarmhí | | Ainm Cuntais: | EMILY NÍ DHUFAIGH | |
| | | Uimhir Chuntais: | 88261773 | |
| | | Dáta: | 30 Aibreán 2007 | |
| | | Cód Sórtála: | 93-14-62 | |
| **Dáta** | **Sonraí** | **Dr** | **Sr** | **Iarmhéid** |
| | | € | € | € |
| 01 Aibreán 2007 | Iarmhéid ar aghaidh | | | 750.00 |
| 03 Aibreán 2007 | UMB – Brainse na hUaimhe, AIB | 220.00 | | 530.00 |
| 05 Aibreán 2007 | Seic Uimh. 60545 | 145.00 | | 385.00 |
| 11 Aibreán 2007 | Dochar Díreach BSL | 160.00 | | 225.00 |
| 20 Aibreán 2007 | Lóisteáil | | 475.00 | 700.00 |
| 26 Aibreán 2007 | Seic Uimh. 60547 | 330.00 | | 370.00 |

*Freagair na ceisteanna seo a leanas go léir sna spásanna ar na leathanaigh 8 agus 9 de Roinn A:*

**(A)** Cén banc agus cén brainse ina bhfuil a Cuntas Reatha ag Emily? (10)

**(B)** De réir AIB, cé mhéad airgid a bhí ag Emily ina Cuntas Reatha ar an 30 Aibreán 2007? (5)

**(C)** Mínigh iontráil 3 Aibreán 2007. (10)

**(D)** Emily a rinne an lóisteáil ar 20 Aibreán 2007. Is éard a bhí ann ná seic €400.00 agus an fuílleach ina nótaí. Comhlánaigh an Duillín Lóisteála agus an Comhdhuille. (15)

**(E)** Thug Emily faoi deara nach raibh Seic Uimh. 60546, ar €185, a sheol sí chuig a comhlacht árachais ar an 19 Aibreán 2007 mar íocaíocht ar a préimh bhliantúil árachais, luaite ar a Ráiteas Bainc. Mínigh cúis **amháin**, b'fhéidir, a bheadh leis sin. (5)

**(F)** Mínigh **trí cinn** de na téarmaí seo a leanas atá ar an Ráiteas Bainc:

Cuntas Reatha; Uimhir Chuntais; Cód Sórtála; Dochar Díreach. (15)

**(60 marc)**

**5.** **Ceist í seo a bhaineann le Doiciméid Ghnó.**
*(Le comhlánú ar na leathanaigh 10 agus 11 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Micheál Ó Brádaigh ina Bhainisteoir Ceannacháin i Siopa na Málaí Tta. Ar an 22 Bealtaine 2007, fuair sé an Luachan seo a leanas:

# Mórdhíoltóirí Taistil Tta

**LUACHAN Uimh. 137762**

**Páirc Ghnó de hÍde, Ros Comáin**

Teileafón: 090-7661992
Facs: 090-7771995
r-phost: mordhioltoiritaistil@alo.net

Cláruimhir CBL IE 8181552

21 Bealtaine 2007

An Bainisteoir Ceannacháin
Siopa na Málaí Tta
Bóthar na Páirce
Mainistir na Búille
Co. Ros Comáin

| CÓDUIMHIR | TUAIRISC | PRAGHAS AN CEANN € | SEACHADADH |
|---|---|---|---|
| CLS35 | Foireann 5 phíosa de Mhálaí Taistil Carlton | 125.00 | Réidh |
| PSS48 | Foireann 3 phíosa de Mhálaí Taistil Crown | 55.00 | Réidh |
| HPL12 | Mála Mór Taistil Puma | 67.00 | Réidh |
| LBE76 | Mála Cáipéisí Leathair Feidhmeannaigh | 85.00 | Réidh |

Lascaine Thrádála 25% ar gach earra
CBL 20% ar gach earra
Carraeireacht Íoctha
Le glacadh laistigh de 30 lá

Cinneann Micheál go bhfuil na Málaí Móra Taistil Puma ródhaor. Seolann sé Ordú (Uimh. 31846) chuig Mórdhíoltóirí Taistil Tta i gcomhair **20 Foireann 5 phíosa de Mhálaí Taistil Carlton, 80 Foireann 3 phíosa de Mhálaí Taistil Crown agus 40 Mála Cáipéisí Leathair Feidhmeannaigh**. Seachadtar na hearraí sin chuig Siopa na Málaí Tta i veain ar an 24 Bealtaine 2007. Seiceálann Micheál na hearraí nuair a thagann siad agus faigheann sé amach gur tháinig gach rud a d'ordaigh sé. Ansin tugann an tiománaí veain Sonrasc Uimh. 72356, dar dáta 24 Bealtaine 2007, dó.

**(A)** Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 72356 *(ar lch 10 de Roinn A)*. (30)

**(B)** Ansin scríobhann Micheál seic (Uimh. 600429), dar dáta 24 Bealtaine 2007, atá sínithe aige féin ar son Shiopa na Málaí Tta, mar íocaíocht iomlán ar na hearraí. Tugann sé don tiománaí é lena thabhairt ar ais chuig Mórdhíoltóirí Taistil Tta. Comhlánaigh Seic Uimh. 600429, agus tú ag baint úsáide as an seic bán agus an gcomhdhuille curtha ar fáil *(ar lch 11 de Roinn A)*. (15)

**(C)** Iontráil an íocaíocht le seic i gCuntas Bainc Shiopa na Málaí Tta. *(Bain úsáid as ceann **amháin** de na Cuntais Bhainc curtha ar fáil ar lch 11 de Roinn A.)* (9)

**(D)** Tá an téarma 'Carraeireacht Íoctha' le feiceáil ar an Luachan. Mínigh cén bhrí atá leis an téarma seo. (*Freagair ar lch 11 de Roinn A.)* (6)

**(60 marc)**

**6.** **Baineann an cheist seo le Cuntas Club.**
*(Le comhlánú ar leathanach 12 de Roinn A **nó** i do Fhreagarleabhar)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Baineann Club Tíogair Ghalf an Dá Mhaide úsáid as Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Anailísithe (Leabhar Anailísithe Airgid Thirim). Ritheann an club comórtais dá bhaill go rialta agus eagraíonn sé club lató chun airgead a chruinniú. Is é an táille bhliantúil bhallraíochta ná €75. Lóisteáiltear pé airgead a fhaightear i gcuntas reatha agus íoctar gach bille le seic.

Ar an 1 Márta 2007, bhí iarmhéid €455 sa bhanc.

Bhí na bearta seo a leanas ag an gclub i rith mhí an Mhárta 2007.

| | | |
|---|---|---|
| Márta | 2 | D'íoc as trófaithe i gcomhair comórtais: €360. (Seic Uimh. 421) |
| | 4 | Fuair táillí iontrála comórtais: €545. |
| | 6 | Fuair táille bhliantúil bhallraíochta ó 20 ball. |
| | 7 | D'íoc as póstaeir fógraíochta le haghaidh an chlub lató: €180. (Seic Uimh. 422) |
| | 9 | D'íoc pá leis an bhfoireann talaimh: €850. (Uimh. Seic 423) |
| | 12 | Fuair airgead ó dhíolachán ticéad an chlub lató: €2,350. |
| | 13 | Fuair táille bhliantúil bhallraíochta ó 25 ball. |
| | 15 | Fuair airgead ó dhíolachán ticéad an chlub lató: €1,650. |
| | 16 | Cheannaigh duaiseanna le haghaidh comórtais: €400. (Seic Uimh. 424) |
| | 17 | Fuair táillí iontrála comórtais: €450. |
| | 22 | D'íoc as deisiú an lomaire faiche: €540. (Seic Uimh. 425) |
| | 23 | D'íoc pá leis an bhfoireann talaimh: €900. (Seic Uimh. 426) |
| | 29 | D'íoc €3,000 le buaiteoir chrannchur an chlub lató. (Seic Uimh. 427) |

**(A)** Breac go hiomlán Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Anailísithe (Leabhar Anailísithe Airgid Thirim) Chlub Tíogair Ghalf an Dá Mhaide le haghaidh mhí an Mhárta 2007. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas ar na colúin airgid:

**Taobh an Dochair (Fáltais)**: Banc Comórtais Lató Táillí Ballraíochta

**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí)**: Banc Comórtais Lató Pá Eile

Suimigh **gach** colún anailísithe agus comhardaigh na colúin Bhainc ag deireadh an Mhárta.
*(Freagair ar lch 12 de Roinn A **nó** i do Fhreagarleabhar.)* (45)

**(B)** Ríomh an fuílleach nó an t-easnamh a thuill an club ar an lató i rith mhí an Mhárta. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar lch 12 de Roinn A **nó** i do Fhreagarleabhar).* (7)

**(C)** Gan trácht ar ullmhúchán chuntais an chlub, ainmnigh **dhá** chúram atá ar chisteoir.
*(Freagair ar lch 12 de Roinn A **nó** i do Fhreagarleabhar.)* (8)

**(60 marc)**

**7.** **Baineann an cheist seo le Fostaíocht agus le Pá.**
*(Le comhlánú ar na leathanaigh 13 agus 14 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Máire Ní Chróinín fostaithe mar chúntóir ag an gcuntar amach in ollmhargadh mór. Is é a hollphá bunúsach ná €370 ar sheachtain 37 uair. Má dhéanann sí ragobair, íoctar am go leith léi ar laethanta na seachtaine, agus am dúbailte ar an Domhnach agus ar laethanta saoire poiblí.

**(A)** Ríomh ollphá Mháire in aghaidh na huaire ar sheachtain 37 uair. *(Freagair ar lch 13 de Roinn A.)* (5)

**(B)** I rith na seachtaine dar chríoch 10 Meitheamh 2007, d'oibrigh Máire 46 uair ar fad. San áireamh ansin, bhí trí huaire an chloig ragoibre ar an Domhnach, ceithre huaire an chloig ragoibre ar an Luan (lá saoire poiblí) agus dhá uair an chloig ragoibre ar an Máirt.

Ríomh ollphá Mháire an tseachtain sin. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre (*sa spás atá curtha ar fáil ar lch 13 de Roinn A*). (15)

**(C)** Ainmnigh **trí** cheart atá ag Máire agus **trí** fhreagracht atá uirthi mar fhostaí san ollmhargadh. *(Freagair ar lch 13 de Roinn A.)* (24)

**(D)** Tá súil ag Máire bheith féinfhostaithe agus a gnó féin a bhunú amach anseo. Ainmnigh **dhá** luach saothair agus **dhá** riosca a bhaineann le féinfhostaíocht.
*(Freagair ar lch 14 de Roinn A.)* (16)

**(60 marc)**

**8.** **Baineann an cheist seo le Córais Seachadta.**
(*Le comhlánú ar na leathanaigh 15 agus 16 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Ainmnigh **trí** thoisc a ndéanfadh gnólacht machnamh orthu agus iad ag roghnú córais iompair chun earraí a sheachadadh dá gcustaiméirí. Mínigh tábhacht gach toisce díobh.
*(Freagair ar lch 15 de Roinn A.)* (12)

**(B)** Úsáideann formhór na gcomhlachtaí in Éirinn iompar bóthair chun earraí a sheachadadh.

**(i)** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáid iompar bóthair.

**(ii)** Tabhair **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le húsáid iompar bóthair.

*(Freagair ar lch 15 de Roinn A.)* (16)

**(C)** Seachadann Cúiréirí Meara Tta earraí thar oíche chuig comhlachtaí timpeall na tíre. Taistealaíonn a veaineanna ar luas 56 ciliméadar san uair, ar an meán. Caithfidh na tiománaithe sos uair an chloig a ghlacadh tar éis gach ceithre huaire an chloig tiomána.

D'iarr comhlacht i gCeatharlach ar Chúiréirí Meara Tta paicéad a sheachadadh go práinneach go dtí siopa i dTrá Lí, 252 ciliméadar ó bhaile. Ní mór an paicéad a thabhairt ar láimh roimh 9.00 a.m. an mhaidin dar gcionn.

Ríomh an t-am is déanaí ar féidir le tiománaí veain ó Chúiréirí Meara Tta imeacht ó Cheatharlach chun an paicéad a thabhairt ar láimh faoi 9.00 a.m. i dTrá Lí. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar lch 15 de Roinn A)*. (12)

**(D)** Dolabhóithre, bealaí bus den scoth, táblaí faid, seachbhóithre, lánaí rothair, tacagraif, báid farantóireachta, píblínte agus trucailí ardaithe, is téarmaí iad sin a úsáidtear maidir le córais iompair agus córais seachadta.

Mínigh **ceithre** cinn de na téarmaí sin *(ar lch 16 de Roinn A)*. (20)

**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán